AN ROINN OIDEACHAIS

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 1996

**GAEILGE - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR II**
(170 marc)

27142

DÉ LUAIN, 10 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 2.30 go dtí 5.00

(Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga. Caillfear marcanna trí bheith faillíoch ann.)

Gach ceist (1, 2 *agus* 3) a fhreagairt.

1. Freagair **A**, agus do rogha ceann amháin de **B . . . E** , agus freagair **F**. [80 marc]

**A An Cnuasach Próis** (35 mharc)

**(a)** "Tá léiriú an-éifeachtach le fáil sa scéal *An Dúchasach Deireanach* ar dhaonnacht an duine agus ar a dhúil sa tsaoirse." É sin a phlé.

**NÓ**

**(b)** "Tá idir ghrá agus ghreann sa sliocht as *A Thig Ná Tit Orm*, ach níl amhras ná gurb é an greann atá in uachtar." É sin a phlé.

**B Peig** (35 mharc)

**(a)** Scríobh tuairisc ar a bhfuil de léargas le fáil sa leabhar seo ar do rogha **dhá cheann** díobh seo:-
**(i)** An Gorta Mór (an drochshaol); **(ii)** saol an chailín aimsire san am úd; **(iii)** cúrsaí cleamhnais; **(iv)** Béaloideas na Gaeilge.

**NÓ**

**(b)** "Ba dhuine í Peig a raibh sárbhuanna aici ach a raibh roinnt de na gnáthlaigí daonna inti chomh maith." É sin a phlé. [Is leor léiriú a dhéanamh ar bhua (nó dea-thréith) **amháin** agus ar laige **amháin** i do fhreagra.]

**C Scothscéalta** (35 mharc)

**(a)** "An dá phríomhphearsa - Máire agus an Búrcach - bheith chomh difriúil sin lena chéile, ó thaobh a dtréithe pearsanta de, ba bhun leis an gcríoch thubaisteach ar imeachtaí an scéil *An Bhean a Ciapadh.*" É sin a phlé.

**NÓ**

**(b)** "An fhírinne bheith á ceilt ar dhuine áirithe - is gné an-tábhachtach é sin den leagan amach atá ar an dá scéal *Beirt Bhan Misniúil* agus *An Bhean ar Leag Dia Lámh Uirthi.*" É sin a phlé.

**D Caisleáin Óir** (35 mharc)

**(a)** Scríobh tuairisc ar an gcineál duine a bhí i mBabaí, de réir mar a léirítear í san úrscéal seo. Nóta gairid uait faoi do mheas féin ar an léiriú sin.

**NÓ**

**(b)** Scríobh tuairisc ar a bhfuil de léargas le fáil sa leabhar seo ar do rogha **dhá cheann** díobh seo:-
**(i)** Béaloideas na Gaeilge; **(ii)** gnéithe den stair; **(iii)** piseoga agus sean-nósanna; **(iv)** sagairt agus máistrí scoile na linne úd.

**E Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne** (35 mharc)

**(a)** "Tá léiriú an-taitneamhach sa scéal seo ar uaisleacht agus ar chrógacht Dhiarmada, agus ar an mbás truamhéalach a bhí i ndán dó."
É sin a phlé.

**NÓ**

**(b)** Scríobh tuairisc ar a thábhachtaí, dar leat, agus atá ról do rogha **beirt** díobh seo i ngréasán na *Tóraíochta*:-
Aonghus an Bhrogha; Oisín; Muadhán; An Searbhán Lochlannach.



THALL→

**F** **Teanga na bPróstéacsanna** (10 marc)

Maidir le gach ceann de **<u>thrí cinn</u>** de na focail/leaganacha seo a leanas, cuir in abairt é a léireoidh a **<u>bhrí</u>** agus a **<u>cheartúsáid</u>**.

| | | | |
|---|---|---|---|
| achainí; | súgach; | de rogha; | sách cliste. |
| máchail; | traochta; | staicín áiféise; | an lug ar an lag. |
| gráin; | bladarach; | rúille búille; | duine ná deoraí. |
| dornán; | tromchroíoch; | lá dochair; | aoibh an gháire. |
| éacht; | binnbhriathrach; | lán glaice; | fíorchaoin fáilte. |

**2.** Freagair do rogha **<u>dhá cheann</u>** de **A, B, C** anseo thíos. (60 marc. Tá **A, B** agus **C** ar comhluach.)

## A

Freagair **(i)**, **(ii)** **<u>agus</u>** **(iii)** thíos.

<u>(Bíodh tagairt chruinn do théacs na ndánta agat mar léiriú ar na freagraí uait.</u>)

**(i)** Cad é príomhthéama an dáin *An Parlús* (<u>thíos</u>) ? Cad é do mheas ar an gcaoi a gcuireann an file an téama sin inár láthair ? (10 marc)

**(ii)** Cad é an mothú is treise, dar leat, atá le brath ar an dán *M'Uncail* (<u>thíos</u>) ? Cad é do mheas ar an léiriú atá sa dán ar an mothú sin ? (10 marc)

**(iii)** Tabhair cuntas gairid ar mhórchosúlacht *amháin* **<u>nó</u>** ar mhórdhifríocht *amháin* atá, dar leat, idir an dá dhán sin. (10 marc)

### AN PARLÚS

Chaithfeá eochair a fháil chun an parlús a oscailt,
Agus san fhionnuaire bhí an fhuil ag rás, ag tnúth
Le rúin ón matal nó ag cuardach tarraiceáin.

An glas casta go ciúin agus iata isteach
Bhíos thiar i measc mo shinsir i ngrianghraf,
I láthair go deabhóideach ag altóir phríobháideach.

Réitíodh an sagart é féin ann do na stáisiúin,
Ba thaisceadán do bhosca ceoil é agus sacsafón,
Teastais sláinte bólachta, beannachtaí pósta ón bPápa.

Thugamar bliain iomlán ar ár gcoimeád ar an bhfeirm,
Ag teitheadh ón ngalar póilió a bhí go rábach sa chathair
Ag seargadh géaga leanaí i bpobal dlúth na sráide.

Agus sa pharlús tuaithe lorgaíos rud éigin a bhí in easnamh,
An ceangal sin atá againn leis an am atá caite,
A d'osclódh póirsí na haithne nach bhfaca riamh an solas.

Chuas le hathair mo mháthar a deiridís ar fad,
Agus bhí sé ansin chomh fuar le marmar matail lá a phósta,
Bóna bán stáirseáilta, muineál ard, camshrónach,

Paddy Murphy "Russian" ó Shliabh Eoghain theas,
Nach raibh lá spéise aige i bhfeirmeoireacht,
Ar cuireadh gunna ina chluas aimsir na nDubhchrónach.

Ní hé is gur dhein sé aon ghaisce riamh,
Bhí drochshláinte aige is ba mhó a spéis i véarsaíocht
Den chineál náisiúnta a scríobhadh sa naoú haois déag.

Tharla luíochán Chill Mhichíl ar an taobh eile den pharóiste
Is shamhlaíos-sa gurbh é mo sheanathair a sholáthraigh
An buicéad tae an oíche roimhe do na hóglaigh.

Ní hé a dhein, ar ndóigh, bhí sé ró-fhada ón láthair,
Ach ba mhinic daoine ar a gcoimeád ag síneadh ar an soitil,
Is díbríodh an líon tí uair amháin do chúirt mhíleata.

Mioneachtraí na staire, miondéithe mo chine, mo mhiotas -
Ag filleadh ar ais arís dom go dtí an parlús
Tuigim anois nach spéis liom ach náisiún na mbailte fearainn.

### M'UNCAIL

Níor bhuair sé mé le gaois na leabhar,
Ná fiú le gaois an tsaoil,
Ach mhúin sé dhom
Feadóg a dhéanamh den bhfuinseoig,
Is cléibhín slatach d'fhí a cheapfadh lon
Le linn an tseaca;
Thaispeáin sé dhom cosán an choinín
Tríd an gclaí,
Is d'fheistigh liom an dol
A cheap é roimh an ngréin;
Do ghléas sé liom an dorú gearr
A shrianaigh dhom an eascú lúbach;
Is chuir sé ormsa lámha
A bhailíodh bric as sruth -
Leas-ghnóthaí beaga dúthaí
A dhearmadas le blianta,
Ach bhrúcht siad suas im scornaigh
Nuair theann na fir sa tost fán uaigh
Ag sluaistiú cré ar a chónair.

## B

Freagair **(i)**, **(ii)** **<u>agus</u>** **(iii)** thíos.

<u>(Bíodh tagairt chruinn do théacs na ndánta agat mar léiriú ar na freagraí uait.)</u>

**(i)** "Is í an úsáid ealaíonta a bhaintear as samhail an bhroic ann príomhbhua an dáin *Toighe Chorr an Chait* (<u>thíos</u>)." Trácht gairid uait air sin. **(10 marc)**

**(ii)** "Tá léiriú éifeachtach sa dán *Ranna* (<u>thíos</u>) ar fhearg an fhile le daoine áirithe agus ar a drochmheas orthu." Plé gairid a dhéanamh air sin. **(10 marc)**

**(iii)** Tabhair cuntas gairid ar mhórchosúlacht *amháin* atá, dar leat, idir an dá dhán sin. **(10 marc)**

### TOIGHE CHORR AN CHAIT

Uaigneach sin, toighe Chorr an Chait,
uaigneach a bhfir is a mná,
'S dá bhfaighdís ór agus fíon
cha dtig aon díobh i gceann cháich.

I gceann cháich cha dtig siad
ar ar cruthaíodh thiar is thoir,
ar ar cruthaíodh ó Neamh go lár -
ionann sin is béasa an bhroic.

Béasa an bhroic bheith ag tochailt faoi
i ndorchadas oíche is lae:
ar ar cruthaíodh ó Neamh go lár
i gceann cháich cha dtig sé.

Ní hionmhain leis an rí-bhroc aoibhneas, aiteas ná spórt,
ní hionmhain leothu saoi, draoi ná cumadóir ceoil,
ní hionmhain leo Síomas Caoch ná cuidiú Néill Óig,
is fanadh gach aon mar a mbiad ag tochailt an phóir.

### RANNA

Le snoí croí is intinne
Bhreacas ar phár
M'urraim don áilleacht
Go bhfuil mar atá.

Thugas dóibh siúd é,
Leosan níorbh fhíor é,
Chuireadar uathu é -
Is níor foilsíodh é.

Feasta bead gléasta
I gcaidhp na gcloigíní;
Tréigfead an véarsa
Ag déanamh bhur ngrinn díbh.

## C

Freagair **(i)**, **(ii)** **agus** **(iii)** thíos.

(Bíodh tagairt chruinn do théacs na ndánta agat mar léiriú ar na freagraí uait.)

**(i)** Scríobh tuairisc chruinn ar a bhfuil de chomhairle á cur ag Máirtín Ó Direáin air féin agus ar fhilí eile ar fud an dáin *Bí Id' Chrann* (thíos). (10 marc)

**(ii)** Cad é do mheas ar an úsáid a bhaintear as meafar an chrainn sa dán sin? (10 marc)

**(iii)** Inis i mbeagán focal cad é príomhthéama an dáin *Seoda* (thíos). Cad é do mheas ar an gcaoi a gcuirtear an téama sin inár láthair? (10 marc)

**BÍ ID' CHRANN**

Coigil do bhrí,
A fhir an dáin,
Coigil faoi thrí,
Bí id' chrann.

Coigil gach ní,
A fhir an dáin,
Ná bog ná lúb
Roimh anfa an cháis.

Fan socair,
Fan teann,
Is fair an uain
Go dtaga do lá.

Corraíodh an ghaoth,
A fhir na laoithe,
Gach duille ort thuas;
Do stoc bíodh buan.

Uaigneach crann
I lár na coille,
Uaigneach file
Thar gach duine.

Daingean crann
I dtalamh suite,
Cosa i dtaca
Cuir, a fhile!

Coigil do chlí,
Coigil do aird,
Coigil gach slí
I gcomhair an dáin.

Tá do leath baineann,
A fhir an dáin,
Bí fireann, bí slán,
Bí id' chrann.

**SEODA**

Saol an chipín ag dul le sruth,
Saol an néill éagrothaigh,
Saol an bhíoga ar ghnúis ainnire,
Saol an mhaide gréine um nóin,
Saol an chubhair ar dhroim easa;
Seoda ab áil liom i mo stór,
Is cé nach gcuirfid lón faoi mo chom,
Ní chruinneofar a malairt liom.

**3.** Scríobh gearrchuntas ar **dhá cheann** acu seo a leanas:- (30 marc)

**(i)** An Fhiannaíocht (is leor thart ar 3 mhórphointe).

**(ii)** Scoil Lobháin (is leor thart ar 3 mhórphointe).

**(iii)** Do rogha **beirt** de na filí seo:-

Aogán Ó Rathaille; Art Mac Cumhaidh; Antaine Raifteirí;
Nuala Ní Dhomhnaill; Cathal Ó Searcaigh; Seán Ó Ríordáin.

**(iv)** Tionchar do rogha **dhá cheann** de na teangacha seo a leanas ar an nGaeilge:- Laidin, Lochlainnis, Fraincis, Béarla.

**(v)** Meath na Gaeilge sa seachtú, ochtú, naoú céad déag (is leor thart ar 3 mhórphointe).

**(vi)** Do rogha **beirt** de na scoláirí Gaeilge seo a leanas:-

Zeuss; Thurneysen; Flower; Bergin; Seán Ó Donnabháin; Eoghan Ó Comhraí; Thomas F. O'Rahilly.